



## 09.0 Iad Siúd a Cuireadh Chun Báis


Chinn an Ginearál Maxwell a bheith dian go maith ar cheannairí an Éirí Amach. De réir meabhrán a sheol sé chuig Asquith ina dhiaidh sin, bhí nasc na Gearmáine, an líon ollmhór daoine a fuair bás agus an damáiste a rinneadh do mhaoín, agus an gá a bhí ann a leithéid de ghníomhaíocht a chosc amach anseo i measc na rudaí a chur sé san áireamh don chinneadh sin. Ach ba shaighdiúir é Maxwell nach raibh dada ag déanamh imní dó ach a raibh ag tarlú san am i láthair agus is beag aird a bhí aige ar iarmhairtí polaitiúla na modhanna a chleacht sé.

Cuireadh 16 chun báis i ndiaidh an Éirí Amach. Ina measc bhí seachtar sínitheoirí an Fhorógra, seachtar eile ar glacadh leis gur ceannairí a bhí iontu, Thomas Kent ar scaoileadh leis i gCorcaigh, agus Roger Casement a crochadh i Londain. Seo a leanas an 16 duine (san ord inar cuireadh chun báis iad): Pádraig Mac Piarais, Tomás Ó Cléirigh, Tomás Mac Donnchadha, Ióseph Ó Pluingcéad, Edward Daly, Liam Mac Piarais, Micheál Ó hAnnracháin, John MacBride, Éamonn Ceannt, Michael Mallin, Con Colbert, Seán Heuston, Thomas Kent, Seán Mac Diarmada, Séamas Ó Conghaile, Roger Casement. Gearradh pionós an bháis ar 97 duine eile freisin, ach laghdaíodh a bpiambhreitheanna go téarmaí éagsúla i bpríosún. Scaoileadh saor iad ar fad i ndiaidh tréimhse réasúnta gearr. Ba i Meitheamh 1917 a scaoileadh an duine deireanach saor.

As measc na ndaoine a gabhadh i mBaile Átha Cliath, coimeádadh an Piarasach agus Heuston ag Beairic Coinneála Chnoc an Earbair, coimeádadh Ó Conghaile, in Ospidéal na Croise Deirge i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus coimeádadh na daoine eile ar fad i mBeairic Richmond. Seachas

Connolly, ar cuireadh triail armchúirte air i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ba i mBeairic Richmond a reáchtáladh na trialacha armchúirte. Ba i bPríosún Chill Mhaighneann a cuireadh gach duine chun báis. Cuireadh triail armchúirte ar Kent agus cuireadh chun báis é i mBeairic Coinneála Chorcaí, áit a raibh sé faoi choimeád ann. As measc an 16 a cuireadh chun báis, ba é Casement an t-aon duine a raibh triail phoiblí aige; cuireadh faoi thriail san Old Bailey é, fuarthas ciontach i dtréas agus crochadh i bPríosún Pentonville é. D'fhreastail sagairt ar na fir ar fad agus an bás ag druidim leo, ach amháin i gcás Uí Chonghaile is cosúil. I mBaile Átha Cliath, ba iad na Caipisínigh a reáchtáil an tseirbhís. I measc na sagart a bhí páirteach sa tseirbhís bhí an tAthair Albert, an tAthair Aloysius, an tAthair Augustine agus an tAthair Sebastian.

09.0 Lad Siúd a Cuireadh Chun Báis



One of many newspaper reports relating to the executions.  
(The Irish News and Belfast Morning News, 5 May 1916).